

Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 10:
Peata Fliuch Báite



Michael Beirne, *Judy Boy*, uiscédhath ar pháipéar.

Eolas maidir leis an saothar ealaíne:

Peata fliuch báite! Ealaíontóir Éireannach darb ainm Michael Beirne a rinne an t-uiscedhath dúigh seo. Tá madra le feiceáil, Judy Boy is ainm di. Madra iontach clúmhach í! Tá an phéint caolaithe ag Michael le neart uisce agus tá na braonta le feiceáil ag sileadh den leathanach.

Seo linn ag súgradh

Níl aon chúlra le feiceáil sa phictiúr seo: an féidir leat cúlra a tharraingt do Judy Boy?

An raibh folcadh aici?

An raibh sí amuigh in aimsir stoirmiúil?

An raibh sí ag snámh san abhainn?

Cá bhfuil cónaí ar Judy Boy?

Céard é an chéad chéim eile?

Scríobh scéal faoi Judy Boy

An féidir leat a shamhlú cén cineál madra í Judy Boy?

Céard iad na nósanna greannmhara atá aici?

Cén cineál bia a thaitníonn léi?

Cá gcodlaíonn sí?

An féidir léi aon chleas a imirt?

Conas a thabharfá aire do Judy Boy?

Tabhair dúshlán duine fásta!

Fiafraigh de dhuine fásta dán seafóideach a chumadh faoi pheata fliuch
Tabhair marcanna as deich don duine fásta

Peata fliuch, glaoigh ar an tréidlia, b'fhéidir! éirí na gréine, aiféala, níl fós!
cluiche fichille, aibítir, trína chéile, uibheagán, eangach iascaireachta,
clairinéad, Bernadette agus seit, idirlíon, scairdeitleán, ná bí buartha! Ar
bhuaileamar lena chéile? allas, baguette, luí na gréine, scairdphrintéir,
foireann drumaí, déan dearmad, láthair scannáin, ceairpéad,
leithreas, pirouette, róiséad, dísréad, neachtlainnín!...

Mo pheata

Samhlaigh go bhfuil peata speisialta agat

Samhlaigh gur féidir leat cibé peata is mian leat a bheith agat....

An roghnófá madra caorach clúmhach, púdál galánta, madra ispíneach,
capall, muc, pearóid, nathair nimhe, leon, féileacán speisialta, seangán,
dragan nó dineasóir....

Eachtraí peata

Úsáid sean-irisleabhair, nuachtáin agus seanphíosaí páipéir daite chun eachtraí peata a chumadh

Gearr amach pictiúir agus dathanna a thaitníonn leat

Ní gá go mbeadh gach rud foirfe

Bain taitneamh as roinnt seanphíosaí páipéir a ghreamú de leathanach chun scéal a chumadh

D'fhéadfadh rud ar bith tarlú i do cholláis!

B'fhéidir gur madra uisce í Judy Boy

Seo a cuid cairde taobh léi i mbád beag:



Seo colláis a rinneamar níos túisce!

Ba bhreá linn bhur scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil a fheiceáil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife** a úsáid.